



Forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht Scéim Sparánachta sna hEalaíon 2017

Spríodhata Dé hAoine 29 Meán Fómhair 2017

Cúlra

Cuirtear fáilte roimh ealaíontóirí iarratas a dhéanamh ar Sparánacht sna hEalaíon. Tá comh-mhaoiniú ó Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon don scéim agus is chuid lárnach é den straitéis leanúnach le haghaidh forbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht.

Tá sé i gceist trín scéim seo deis a chur ar fáil don ealaíontóir am a chur ar leataobh le forbairt ealaíona a bhaint amach. Cé go mbeidh deis ann obair nua a bheith cruthaithe níl sé seo mar choinníoll scéime. Bronnfar dámhachtain bunaithe ar an gcaighdeán ealaíona atá léirithe agus ar an luach cultúrtha a bhaineann leis, seachas ar aon chúis eile.

Aidhm na Scéime

Is é is aidhm leis an scéim ná:

- Ealaíon den ard-chaighdeán a aithint trí ghradam a bhronnadh ar ealaíontóirí cumasacha sa Ghaeltacht.
- Tacaíocht a chur ar fáil don ealaíontóir aonarach chun
 - Feabhas a chur ar a c(h)leachtas ealaíon féin agus lena g(h)airm beatha a fhorbairt.
 - Cur leis na scileanna ealaíon agus leis an taithí ealaíon atá aige/aici

Trín scéim, tugtar deis d'aon ealaíontóir, am a chur ar leataobh le deis a thabhairt do/di díriú ar shaothar áirithe ealaíon, go háirithe trín iad a shaoradh ós na gnáth dualgaisí a bhíonn orthu. Tá deis chomh maith ag an ealaíontóir oibriú le healaíontóir eile a bheadh mar mheantóir aige/aici ar feadh tréimhse. Tá de chead ag an ealaíontóir, iarratas a dhéanamh ar chostais maireachtála, traenála, agus ábhar. B'fhéidir go mbeadh seirbhís comhairleoireachta nó trealamh a thógfá ar chíos san áireamh chomh maith. Glacfar le haon chostaisí a bheidh lárnach nó riachtanach don bpróiseas cruthaitheach agus do chur chun cinn agus d'fhorbairt na hoibre.

Cé ar atá an Scéim seo dírithe?

Tá an scéim dírithe orthu siúd atá ag saothrú mar ealaíontóirí gairmiúla. Ní gá go mbeadh ioncam leanúnach aige/aici ón gcleachtas ealaíon, ach is gá cuntas beatha a chur ar fáil a thugann léargas ar do shaothar ealaíon go dáta.

Tá cead ag ealaíontóirí d'aon mheán ealaíon atá ag maireachtaint sa Ghaeltacht iarratas a dhéanamh (m.sh. scríbhneoirí, ceoltóirí, rincoirí, físealaíontóirí, aisteoirí & r.l.). Ní foinse ioncaim nó tacaíocht bhliantúil do thograí ealaíon a bheidh sa scéim

seo. Tabharfar tús áite do iarrthóirí nua, ach d'fhéadfaí go gcuirfear iarratais suimiúla uathu siúd a fuair maoiniú cheana faoin scéim san áireamh chomh maith.

Toisc éileamh na scéime níl muid ag glacadh le hiarratais ó ealaíontóirí a fuair deontas faoi Scéim Sparánachta Ealaín na Gaeltachta 2016 ach beidh deis acu iarratas a dhéanamh arís don Scéim i 2018.

Ciste

Tacaíonn an scéim seo le forbairt an ealaíontóra aonaraigh. Tá an chiste roinnte sna rannóga seo a leanas

- Dámhachtain Ealaíontóra: Deis a thabhairt d'ealaíontóir gairmiúil am a chur i leataobh le díriú ar a c(húid) obair ealaíon, go háirithe trí iad a shaoradh ós na gnáth dualgaisí a bhíonn orthu. **Uasmhéid tacaíochta €4,000**
- Ealaíontóir ag teacht chun cinn. Deis a thabhairt d'ealaíontóir ag tús a ngairm dul chun cinn gairmiúil a dhéanamh. **Uasmhéid tacaíochta €1,500**
- Oiliúint: mar shampla freastal ar chúrsa gearr, meantóir a aimsiú. **Uasmhéid tacaíochta €1,500**
- Deis tacaíochta a thabhairt d'ealaíontóir a bheadh ag freastal ar thearmann ealaíona (m.sh. Ionad Tyrone Guthrie, Cill Rialaig, Aras Éanna, Cló Ceardlann na gCnoc, Uilinn) **Uasmhéid tacaíochta €600.**

Caithfear an ciste a tharraingt taobh istigh de thréimhse 18 mí. Muna dtarraingfear an t-airgead taobh istigh den tréimhse seo, cuirfear ar ceal é. I gcás go mbeidh ealaíontóirí ar chomh-chaighdeán ealaíona, tabharfar tús áite d'iarrthóirí nua seachas dóibh siúd ar d'éirigh leo cheana trín scéim seo.

Critéir le haghaidh maoiniú

Is iad na príomh critéir atá i gceist anseo ná:

- **An Ghaeltacht:** Tá an scéim seo dírithe ar ealaíontóirí atá lonnaithe sa Ghaeltacht.
- **An Ghaeilge:** Léireoidh an t-ealaíontóir conas atá sé i gceist aige/aici an Ghaeilge a chur chun cinn.
- **Páirtíocht ealaíontóirí gairmiúla** – taispeánfar go bhfuil saothar d'ardchaighdeán cruthaithe/léirithe ag an ealaíontóir agus go bhfuil taithí / cailíochtaí cuí aige/aici.
- Ní ghlacfar ach le hiarratas amháin ón iarrthóir ag aon bhabhta iarratais.

Próiseis Iarratais

Caithfidh iarrthóirí foirm iarratais a líonadh agus cur síos a dhéanamh ar chuspóirí, nádúr agus aidhm na scéime molta agus léiriú soiléir a thabhairt ar spriocanna, an próiseas oibre agus an toradh lena bhfuiltear ag súil. Tá an fhoirm ar fáil ón Áisitheoir Ealaíon in Oifig Udarás na Gaeltachta.

Tá sé riachtanach an t-eolas seo leanas a chur leis an iarratas:

- CV den ealaíontóir a bheidh páirteach
- samplaí dá c(h)uid oibre
- eolas ábhartha ar bith eile

Tuilleadh Eolais:

Tír Chonail: m.fearraigh@udaras.ie

Cúige Mumhan: r.holstead@udaras.ie

Cúige Chonnacht & Co. na Mí: m.nidhroighneain@udaras.ie nó ó www.ealain.ie.